Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**9962/23**

**CES 25**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Chinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa<br>- Glacadh |

1. I litir dar dáta an 14 Deireadh Fómhair 2022[1], chuir Uachtarán Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) in iúl don Chomhairle go raibh Maurizio CASASCO de CESE tar éis éirí as oifig.

2. I litir uaidh dar dáta an 18 Aibreán 2023[2], mhol Rialtas na hIodáile Amedeo BONOMI, *Vice Presidente della Confederazione italiana della piccola e media industria privata (Confapi) di Brescia* (Leas-Uachtarán Chónaidhm Iodálach na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (Confapi) Brescia), lena cheapadh mar chomhalta de CESE ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 20 Meán Fómhair 2025.

3. Faoi Airteagal 302 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí CESE tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.

[1] 13792/22.
[2] 8480/23.

4. Chuathas i gcomhairle leis an gCoimisiún maidir leis an ainmniúchán an 3 Bealtaine 2023 agus thug sé tuairim fhabhrach uaidh an 6 Meitheamh 2023[3].

5. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh a leagtar amach in 9965/23 agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.

---

[3] C(2023) 3565.